Ciste na Séadchomharthaí Pobail 2024

Tá iarratais á lorg ag Comhairle Contae Chill Mhantáin chuig Ciste na Séadchomharthaí Pobail 2024, mar a fheidhmítear é ag Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta.

Is é an dáta deiridh d'iarratais ná 4i.n. 30ú Eanáir 2024

Déanfaidh Ciste na Séadchomharthaí Pobail 2024 infheistíocht inár n-oidhreacht luachmhar seandálaíochta agus cabhrófar le húinéirí agus caomhnóirí séadchomharthaí seandálaíochta iad a chosaint ar mhaithe le pobail áitiúla agus leis an bpobal go ginearálta sa todhchaí.

Tacóidh Ciste 2024 le caomhnú, cothabháil, cosaint agus cur chun cinn séadchomharthaí seandálaíochta. Déanfaidh sé: oibreacha caomhnaithe a chumasú ar shéadchomharthaí a mheastar a bheith suntasach agus a dteastaíonn tacaíocht phráinneach uathu; na séadchomharthaí a neartú chun cur ar a gcumas éifeachtaí an athraithe aeráide a sheasamh; rochtain ar séadchomharthaí a fheabhsú chomh maith le cur i láthair na séadchomharthaí a fheabhsú.

Tá údaráis áitiúla, úinéirí príobháideacha, grúpaí pobail agus caomhnóirí séadchomharthaí incháilithe iarratas a dhéanamh faoi na 3 shruth seo a leanas;

1. **Sruth 1** Beidh deontais suas le **€100,000** á dtairiscint ag Sruth 1 dírithe ar dheisiúcháin riachtanacha agus oibreacha caipitil do chaomhnú agus do dheisiú na séadchomharthaí seandálaíochta
2. **Sruth 2** Cuirfidh Sruth 2 deontais de suas le **€30,000** ar fáil chun Pleananna/Tuarascálacha Bainistíochta Caomhantais a fhorbairt atá dírithe ar bhearta a aithint chun séadchomharthaí seandálaíochta a chaomhnú agus rochtain phoiblí a fheabhsú.
3. **Sruth 3** Cuirfidh Sruth 3 deontais de suas le **€30,000** ar fáil chun bonneagar rochtana a fheabhsú agus léirmhíniú (fíorúil/) ag séadchomharthaí seandálaíochta.

Tá foirmeacha iarratais agus sonraí breise ar fáil ag www.wicklow.ie faoin nuacht is déanaí. Ba cheart go léifeadh iarratasóirí an treoir CMF go cúramach agus go n-áiritheofaí leis na ráitis mhodha agus na toilithe ábhartha san áireamh leis an iarratas.

Ba cheart iarratais a sheoladh ar ais trí ríomhphost chuig wicklowheritage@wicklowcoco.ie nó tríd an bpost, marcáilte go soiléir 'Iarratas ar Chiste na Séadchomharthaí Pobail' f/ch Oifig Oidhreachta, Comhairle Contae Chill Mhantáin, Foirgnimh an Chontae, Baile Chill Mhantáin tráth nach déanaí ná **4i.n. ar 30 Eanáir 2024**. Tá cóipeanna crua le fáil ach iarratas a dhéanamh chuig an ríomhphost thuas nó trí guthán: 0404 20100. Ceisteanna eile chuig: Deirdre Burns, Oifigeach Oidhreachta, Comhairle Contae Chill Mhantáin trí dburns@wicklowcoco.ie